Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2019
(OR. en)

8746/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0081(COD)**

**CODEC 998**
**EMPL 242**
**SAN 226**
**IA 140**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 5 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra[1] thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 153(2)(b) agus ar Airteagal 153(1)(a) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Meán Fómhair 2018[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 27 Márta 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle[3] leis.

[1] 7733/18.
[2] IO C 440, 6.12.2018, lch. 145.
[3] 7804/19.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 42/19 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.